Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10226/25**

**ECOFIN 781**
**FIN 673**
***ECB***
***EIB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascálacha speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA): Uimh. 09/2025, 10/2025 agus 13/2025<br>- Conclúidí ón gComhairle (12.6.2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Tuarascálacha speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA): Uimh. 09/2025, 10/2025 agus 13/2025’ a glacadh ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle an 12 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascálacha speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**Uimh. 09/2025 'Córais chun a áirithiú go gcomhlíonann caiteachas STA na rialacha maidir le soláthar poiblí agus státchabhair – ag feabhsú ach níl sí fós leordhóthanach',**

**Uimh 10/2025 'Athchóirithe an mhargaidh saothair sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Roinnt torthaí faighte, ach ní leor iad chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha', agus**

**Uimh. 13/2025 dar teideal 'Tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta don aistriú digiteach i mBallstáit an Aontais – Deis chaillte le haghaidh fócas straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhigiteacha'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascálacha speisialta Uimh. 09/2025, 10/2025 agus 13/2025 (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta). MEABHRAÍTEAR DI go mbronnann na Conarthaí ar an gCúirt scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais uile an Aontais agus LEAGANN SÍ BÉIM ar ról na Cúirte maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte a chomhfhreagraíonn do thuarascáil speisialta Uimh. 09/2025 ar chórais rialaithe STA sa Choimisiún agus sna Ballstáit araon agus an dtugann siad dearbhú leordhóthanach maidir le comhlíonadh na rialacha soláthair phoiblí agus státchabhrach.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte a chomhfhreagraíonn do thuarascáil speisialta Uimh. 10/2025 ar cuireadh na hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair arna gcistiú ag RRF chun feidhme mar a bhí beartaithe agus ar rannchuidigh siad go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhargadh saothair na mBallstát a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte a chomhfhreagraíonn do thuarascáil speisialta Uimh. 13/2025 ar cé acu a thugann nó nach dtugann na bearta digiteacha a áirítear sna pleananna náisiúnta aghaidh ar na príomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh roimhe sin agus an rannchuidíonn siad go héifeachtach leis an aistriú digiteach.

5. ADMHAÍONN SÍ na freagraí ón gCoimisiún ar thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte agus MEABHRAÍTEAR DI, i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, go bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha uile nó ar fhothacar suntasach díobh, gan ceangal a bheith orthu díriú ar réimsí beartais ar leith a bhaineann go sonrach le moltaí tírshonracha.

6. ADMHAÍONN SÍ gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí ón gCúirt chun feabhas a chur ar an measúnú ar rannchuidiú bhearta STA chun aghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha agus chun dearbhú maidir le soláthar poiblí agus comhlíonadh státchabhrach a neartú, chomh maith lena ghealltanais tuairisciú a fheabhsú, treoir maidir le rialuithe agus iniúchtaí na mBallstát a thabhairt cothrom le dáta, agus trédhearcacht a mhéadú trína Thuarascáil Bhliantúil. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún é sin a dhéanamh gan an t-ualach riaracháin atá suntasach cheana féin a bhaineann le cur chun feidhme STA laistigh de na Ballstáit a mhéadú.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an phríomhfhreagracht ar na Ballstáit faoi STA as aghaidh a thabhairt ar sháruithe sa soláthar poiblí agus go gceadaítear go sainráite le Rialachán STA dóibh brath ar chórais rialaithe náisiúnta atá ann cheana; AITHNÍONN SÍ, dá réir sin, go bhfuiltear ag súil go hiomlán le húsáid córas rialaithe náisiúnta éagsúil i bhfianaise chomhthéacs dlíthiúil STA agus chineál na hionstraime.

8. TUGANN SÍ FAOI DEARA, cé go gceanglaítear le Rialachán STA ar na Ballstáit 20 % ar a laghad dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a leithdháileadh ar bhearta lena dtacaítear leis an aistriú digiteach, gur sháraigh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá molta ag na Ballstáit an tairseach sin, agus gur shroich siad thart ar 26 %.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Cúirte sna tuarascálacha speisialta sin agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de cheachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme chineál feidhmíochtbhunaithe na hionstraime sin. MEASANN SÍ go dtéann cuid de na moltaí sin thar fhorálacha Rialachán STA.

10. Mar sin féin, TÁ SÍ DEN TUAIRIM, áfach, nár cheart go ndéanfadh na torthaí agus na moltaí réamhbhreith ar an bplé a dhéanfar amach anseo maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR - ag féachaint don todhchaí freisin - a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhthuiscint ag na hinstitiúidí ar an gcreat dlíthiúil.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme tráthúil STAnna náisiúnta na mBallstát a áirithiú i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana.